Acmhainn 3 (Gníomh 3)

Cártaí faoi Stíleanna Cinnteoireachta

Mothaíonn sé i gceart

Leanann tú do fhreagairt bhunaidh ar an suíomh – socraíonn tú ar an rud is fearr ag brath ar do mhothúcháin.

Fan go bhfeice mé

Cuireann tú do chinneadh chomh fada siar agus is féidir. Bíonn tú ag braiteoireacht.

Lean daoine eile

Leanann tú luí coitianta. Déanann tú cinntí ag freagairt daoine eile.

Fág é faoin chinniúint

Caitheann tú pingin in airde, nó úsáideann tú dóigh inchurtha, agus ligeann tú don chinniúint cinneadh a dhéanamh duit.

Baol is Lú

Smaoiníonn tú ar na roghanna agus ar an bhaol a théann leo agus glacann tú an rogha is lú baol. Imríonn tú go faichilleach.

Taghdach

Leanann tú cibé rud a thagann isteach i d'intinn. Ní dhéanann tú machnamh ar na ceisteanna.

Machnamh go domhain

Amharcann tú ar na roghanna, ar dhá thaobh an scéil agus cíorann tú an scéal i d'intinn go cúramach.

Acmhainn 4 (Gníomh 3)

Cinntí, Cinntí! (1 de 3)

Léigh na cásanna thíos, machnaigh ar cén cinneadh a dhéanfaidh tú agus cén cur chuige a úsáidfidh tú leis an chinneadh sin a dhéanamh. Socraigh cén stíl cinnteoireachta a d'úsáidfeá i ngach cás agus scríobh sa cholún chuí sa tábla é. Déan machnamh ar iarmhairtí úsáid na stíle cinnteoireachta faoi leith seo. Is féidir do chinntí ón fhíorshaol a chur sa tábla fosta.

Cásanna

1. Téann tú go dtí an siopa áitiúil le mála brioscán a cheannach. Tá dhá bhlas nua ar fáil. Cén blas a roghnóidh tú? Cad é mar a dhéanfaidh tú an cinneadh?

2. Tá tú ag aonach agus níl airgead agat ach le haghaidh marcaíocht amháin eile. Ba mhaith leat dul ar an Roth Ferris ach tá do chairde ag iarraidh dul ar an Chamchéachta. Ní maith leat an Camchéachta mar cuireann sé masmas ort. Níor mhaith leat go mbeadh a fhios sin ag na daoine eile.
   Cad é a dhéanfaidh tú? Cad é mar a dhéanfaidh tú an cinneadh?

3. Tá tú i do sheasamh ag stad an bhus le buíon cairde ag fanacht ar bhus a bhfuil moill 15 nóiméad air anois, agus tá sé ag cur fearthainne! Stadann carr agus tairgeann an tiománaí síob daoibh go léir. Aithníonn tú é mar tá sé ina chónaí taobh leat, ach tá a fhios agat fosta gur stadadh é cúpla uair cheana mar gheall ar róluas agus go bhfuil sé amuigh air go dtiomáineann sé go neamhchúramach. Ba mhaith le do chairde uile an tsíob a ghlacadh mar go bhfuil siad fliuch báite.
   Cad é a dhéanfaidh tú? Cad é mar a dhéanfaidh tú an cinneadh?

Acmhainn 4 (Gníomh 3)

Cinntí, Cinntí! (2 de 3)

4. Tá an clár teilifíse is fearr leat ar tí tosú, ach tá obair chúrsa le bheith críochnaithe agat do 9 a chlog maidin arna mhárach, agus tógfaidh sin an chuid is mó den tráthnóna ort.
   Cad é a dhéanfaidh tú? Cad é mar a dhéanfaidh tú an cinneadh?

5. Tá ort ábhair a roghnú do na GCSE. Is san aon aonad ábhar atá dhá cheann de na hábhair ba mhaith leat a dhéanamh; mar sin níl cead agat ag ceann amháin acu a roghnú.
   Cad é a dhéanfaidh tú? Cad é mar a dhéanfaidh tú an cinneadh?

6. Tá tú ag cóisir thí le cairde nuair a thagann buíon daoine is sine isteach, ina measc duine a bhfuil lé agat leis le tamall! Tagann sé anall chugat agus tosaíonn ag caint leat. Tá gach rud ag dul go maith go dtí go dtagann duine den bhuíon a fhad leis le gal dúidín a thairiscint dó. Cuirtear an dúidín ar aghaidh chugat ina dhiaidh sin. Ní chaitheann tú agus tá tuairimí láidre agat maidir le caitheamh drugaí. Tá an scaifte ag amharc ort agus ag fanacht…
   Cad é a dhéanfaidh tú? Cad é mar a dhéanfaidh tú an cinneadh?

Acmhainn 4 (Gníomh 3)

Cinntí, Cinntí! - Tábla (3 de 3)

Torthaí Intarlaithe	
Stíleanna Cinnteoireachta	
Cuir Síos ar Chinneadh	

Acmhainn 5 (Gníomh 3)

Ceisteanna Leide – Cad É Mar A Dhéanaim Cinntí?

Cad é mar a dhéanann tú cinntí?

- Cad iad na torthaí a bhí ar roinnt cinntí a rinne tú le cúpla mí anuas?

- An raibh suímh ar bith ann ina raibh torthaí do chinntí míshásúil?

- An bhfuil stíleanna eile ann a d'fhéadfadh a bheith níos cuidithí nó níos cuí?

- Cad é a d'fhoghlaim tú fút féin agus faoin dóigh a ndéanann tú cinntí?

- I bhfianaise atá foghlamtha agat, an bhfuil tuiscint is fearr agat ar an dóigh a ndéanann tú cinntí?

- Má d'athraigh an dóigh a ndéanann tú cinneadh i bhfianaise ar fhoghlaim tú, cad é mar a iarrfaidh tú cinntí a dhéanamh anois, agus cad chuige?